Irish
Leaving Certificate
Ordinary Level

Past Exam Questions on
Poetry – Mo Ghra-sa

Q3 Part (a) Section 1 2013 Paper 2

Mo ghrá-sa (idir lúibíní)

(a) (i) (a) Cad a deir an file faoin bhfear i véarsa a haon?
(b) Cá bhfásfaidh na nóiníní?
(c) Céard atá mícheart le súile an fhir?
(d) Cad iad na torthaí a thugann an fear don fhile?

(8 marc)

(ii) Inis **i d'fhocail féin,** cén saghas duine é an fear? (Is leor **dhá** phointe eolais.)

(8 marc)

(iii) Luaigh rud **amháin** a thaitin leat *agus* rud **amháin** nár thaitin leat faoin dán seo.

(9 marc)

Mo ghrá-sa (idir lúibíní)

Níl mo ghrá-sa
mar bhláth na n-airní
a bhíonn i ngairdín
(nó ar chrann ar bith)

is má tá aon ghaol aige
le nóiníní
is as a chluasa a fhásfaidh siad
(nuair a bheidh sé ocht dtroigh síos)

ní haon ghlaise cheolmhar
iad a shúile
(táid róchóngarach dá chéile
ar an gcéad dul síos)

is más slim é síoda
tá ribí a ghruaige
(mar bhean dhubh Shakespeare)
ina WIRE deilgní.

Ach is cuma san.
Tugann sé dom
úlla
(is nuair a bhíonn sé i ndea-ghiúmar
caora finiúna).